

Bileog 8.1a

An Ghaeltacht

Plé

Féach féin agus an duine in aice leat ar an phictiúr thíos agus pléigí na ceisteanna faoi.



1. An raibh tú riamh sna háiteanna ar na comharthaí?
2. Cad is brí leis na logainmneacha seo?
3. Cad atá suimiúil faoin phictiúr?

Déanaigí ransú intinne ar na slite a bhfuil an Ghaeltacht éagsúil ón cheantar a bhfuil tú i do chónaí ann anois.

Códmhalartú

Plé

Féach féin agus na daoine eile i do ghrúpa ar na ceisteanna thíos agus pléigí le chéile iad.

1. Cad is féidir libh a rá faoi na habairtí seo agus a mhacasamhail a chloisfeá sa Ghaeltacht?

‘Is breá liom a bheith ag éisteacht leis an raidió *now and again*’

‘Tá mé ag dul amach anocht sa *town*’

‘*Actually*, caithfidh mé a rá go bhfuil sé *really* iontach maith’

‘Tá Síle ag obair le fear *Chilean* agus tá sé an-chliste’

Agus

‘Bhí mé ag na *matchanna* ar fad i mbliana.’

‘Tá Máire ag *babysittáil*’

‘*Chlearáil* sé na ballaí’

2. Códmhalartú: Is téarma teangeolaíochta é códmhalartú a dhéanann cur síos ar úsáid níos mó ná teanga amháin sa chaint. An aontaíonn sibh leis na habairtí thíos?

- Tarlaíonn códmhalartú sa chaint nuair nach bhfuil an cainteoir líofa in aon teanga.
- Is feiniméan nádúrtha é códmhalartú i gcaint an duine dháttheangaigh.

3. Ar thug sibh an códmhalartú faoi deara riamh agus sibh ag caint le cainteoirí dúchais Gaeilge?
4. An mbaineann sibh féin úsáid as focail Bhéarla agus sibh ag labhairt Gaeilge?

Bileog 8.1b

An Ghaeltacht agus tithíocht

Léamh



Seo thíos sliocht ó alt a bhí ar www.beo.ie, Bealtaine 2005, faoi chinntí a rinne an Bord Pleanála. Léigh féin agus an duine in aice leat an sliocht le chéile agus cuirigí na briathra atá idir lúibíní san fhoirm cheart den aimsir fháistineach. Cad iad rialacha atá ar eolas agaibh maidir leis an aimsir sin?

Tá beart cróga déanta ag an Bhord Pleanála leis na cinntí a ghlac siad le déanaí maidir le trí fhorbairt chonspóideacha a bhí beartaithe i gConamara agus i gCorca Dhuibhne. Tríd is tríd, (caith) fáilte a chur roimh na cinntí seo mar go gcuireann siad bonn seasmhach faoi thábhacht na Gaeltachta mar cheantar luachmhar oidhreachta. Cinntí iad a (tabhair) ardú croí d'éinne gur cás leis todhchaí na Gaeilge mar theanga labhartha laethúil.

Rialaigh an Bord Pleanála ar an 22 Aibreán gur cheart go mbeadh coinníollacha teanga ceangailte le forbairtí a bhí beartaithe sna Forbacha agus i mBaile an Fheirtéaraigh. Coinníollacha thar a bheith docht iad seo. (Caith) 75% de na tithe i mBaile an Fheirtéaraigh agus 60% de na tithe sna Forbacha a chur ar leataobh do chainteoirí Gaeilge. Critéir teanga Scéim Thithíochta Roinn na Gaeltachta a (bí) mar shlat tomhais agus ní (bí) ábalta na tithe a dhíol nó a ligean amach ar cíos le daoine nach bhfuil an Ghaeilge acu. (Mair) na coinníollacha seo go dtí an 22 Aibreán 2020.

An tIarthar agus tithíocht

Fíricí

Féachai gí anois ar na fíricí – an féidir libh na huimhreacha cuí a chur sna bearnaí cearta?

- Tógadh _____ de na tithe ar fad atá in Éirinn faoi láthair ón bhliain 1995 ar aghaidh, an chuid is mó díobh seo taobh amuigh de na lárionaid uirbeacha.
- Is teach saoire é teach as gach _____ dteach de na tithe seo a tógadh ó 1995.
- Tá teach saoire ann do dhuine amháin as gach _____.
- Má tá an cósta le roinnt idir muintir na hÉireann, tá _____ méadar den chósta ag gach duine sa tír faoi láthair.
- Ní bhaintear úsáid as tithe saoire na tíre seo ach ar feadh _____% den bhliain.

20	1/3	10-20	8	0.61
----	-----	-------	---	------

An Ghaeltacht agus tithíocht

Plé

Ón mhéid atá léite anseo agus ón mhéid atá ar eolas agat féin breac síos na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na topaicí thíos sna Gaeltachtaí. Iarr cuidiú ón duine in aice leat.

Tithe saoire

Coláistí samhraidh

Teaghlaigh gan Ghaeilge

Forbairt eacnamaíochta

Bileog 8.2a


An Ghaeilge

Léamh

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Léigí an t-alt seo, atá bunaithe ar alt a bhí ar an suíomh gréasáin www.beo.ie, le chéile.

Des Bishop

Le Caoimhe Ní Laighin



*Tá Des Bishop ar dhuine de na fuirseoirí is mó a bhfuil aithne air in Éirinn. Craoladh sraith teilifíse a rinne sé dar teideal “In the Name of the Fada” ar RTÉ 1. Sa tsraith seo, tugtar léargas ar thuras pearsanta an fhir ghrinn seo agus é ag dul i ngleic leis an nGaeilge. Bhuail **Caoimhe Ní Laighin** leis le labhairt leis faoi chúrsaí teanga agus faoi chúrsaí an tsaoil.*

Is duine é Des Bishop a bhfuil a ainm in airde faoi láthair. Bhí an fear grinn seo – arb as Nua-Eabhrac ó dhúchas dó – páirteach go dtí seo in dhá shraith teilifíse a raibh ráchairt an-mhór orthu. Craoladh na sraitheanna, “Des Bishop Work Experience” agus “Joy in the Hood”, araon ar RTÉ. Bhí sé páirteach fosta in “Don’t feed the Gondolas”, sraith nach n-áiríonn sé i measc na ngaiscí proifisiúnta is mó a bhfuil sé bródúil astu (ach níos mó ina thaobh sin ar ball!).

Níl Des Bishop ach 32 bliain d’aois, ach tá an t-uafás bainte amach aige cheana féin. Ón uair a chuaigh sé i mbun fuirseoireachta proifisiúnta i 1997, ní háibhéil é a rá go bhfuil na mílte seó grinn ar a bhoinn déanta aige, in Éirinn agus i gcéin. Lena chois sin, chruthaigh sé ceoldráma hip hap dar teideal *Rap Éire* i bpáirt le hArthur Riordan agus bhí páirt bheag aige sa scannán *In America* a stiúir an tÉireannach mór le rá Jim Sheridan.

Anois, is féidir le Des an t-éacht atá déanta aige ó thaobh an Ghaeilge a fhoghlaim taobh istigh de thréimhse ghearr a chur leis an liosta rudaí atá bainte amach aige ina shaol. Léiriú é an dul chun cinn atá déanta aige ar an méid is féidir le duine a bhaint amach má dhíríonn sé a aird i gceart ar thasc. Tá stór focal thar a bheith leathan ag Des cheana féin agus tuiscint an-mhaith ar an tuiseal ginideach agus ar ghnéithe casta eile de chuid ghramadach na teanga. Éacht nach beag é sin i dtír ina mbíonn daoine ag maíomh go bhfuil gramadach na Gaeilge tar éis damáiste síceolaíoch a dhéanamh dóibh!

"In the Name of the Fada"

Sraith teilifíse sé chlár is ea “In the Name of the Fada” a gcuirfear tús léi ar RTÉ 1 ar an 13 Márta ag 10.15 pm. Ba é bunchuspóir na sraithe seo ná eispéiris Des a scannánú agus é ag cur roimhe an Ghaeilge a fhoghlaim taobh istigh de bhliain amháin. Ba i gConamara a chaith sé an chuid is mó den bhliain seo caite. Ach cén chaoi ar thángthas ar an gcoincheap uailmhianach seo?

“Bhí suim agam riamh sa Ghaeilge,” a deir sé. “Níor tháinig mé go hÉirinn go dtí go raibh mé ceithre bliana déag d’aois, mar sin ní raibh orm an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil. Ansin, le linn dom a bheith i mbun léirithe ar an tsraith ‘Work Experience’, dúirt

mé leis an stiúrthóir Mike Casey lá amháin – agus muid beirt istigh in Abrakebabra – gur bhreá liom clár a dhéanamh faoin nGaeilge am éigin sa todhchaí. Dúirt seisean go mbeadh spéis aige ann chomh maith.”

Seal sa Ghaeltacht



I mí an Mhárta anuraidh chuir Bishop faoi i dTír an Fhia i Leitir Móir, i nGaeltacht Chonamara - áit a ndeachaigh sé i mbun dianstaidéir ar an teanga. Nuair a chuir mé Kevin Myers faoi agallamh díreach roimh na Nollag, dúirt sé go raibh an Ghaeilge “*absurdly difficult and so guttural it renders it impossible for a foreigner to pronounce*”. Ach tá ag éirí go breá le Bishop ó thaobh na bhfuaimeanna de – is geall le dúchasach de chuid Chonamara anois é agus focail mar “bheadh” agus “cén chaoi” á rá aige! Níl aon fhadhb aige leis na fuaimeanna scornúla.

Socraíodh ag tús an phróiseas léirithe gurbh é an sprioc a bheadh i gceist ná go mbainfeadh Des go leor líofachta amach le gig a dhéanamh trí mheán na Gaeilge os comhair lucht féachana lán Gaeilgeoirí.

Tá na scéalta grinn Gaeilge á gcleachtadh aige le tamall anuas agus faoi láthair tá an dlaoi mhullaigh á cur ar an obair sin. Beidh siad le cloisteáil ar an 13 Márta mar chuid de sheó speisialta a bheas á reáchtáil ag Club Sult in Vicar Street le linn Sheachtain na Gaeilge, tráth a dhéanfaidh Des an chuid dheireanach den dúshlán a chur i gcrích mar gur daoine a bhfuil Gaeilge acu, den chuid is mó, a bheas sa lucht féachana.

Tá gach cuma ar an scéal go mbeidh “In the Name of the Fada” thar cionn. Tá na jócanna ar na bacáin le tamall anuas, agus is amhlaidh go bhfuil comhairleoir teanga anois ag cabhrú le Des le cinntiú nach gcaillfear an ghramadach sa ghreann. Nó a mhalairt.

Tá Gaeilge na leabhar agam féin, mar sin, ar an drochuair, níl Gaeilge ag an gcuid is mó de na daoine a bhfuil aithne agam orthu. Ciallaíonn sin nach mbíonn fonn orthu de ghnáth labhairt faoi chúrsaí Gaeilge – ní rithfeadh sé leo a leithéid a dhéanamh mar nach bhfuil an teanga, mar a deirtear sa Bhéarla, ar an radar acu.

Ach tharla go raibh an Ghaeilge faoi chaibidil agam le cairde éagsúla de mo chuid ceithre nó cúig huaire ar leith le seachtainí beaga anuas. Tháinig an t-ábhar chun cinn sna comhráite ar fad mar gheall ar an gceist chéanna a bheith curtha orm: “*Have you heard about Des Bishop learning Irish?*”

Is cuma cé acu smideadh, púdar níocháin, bróga spóirt nó teanga atá i gceist, níl aon dabht ach gur féidir le daoine cáiliúla aird an phobail a tharraingt ar na rudaí – idir tháirgí agus chúiseanna – a mbíonn siad ag tacú leo.

Dar ndóigh, níl mé ag maíomh go dtosóidh gach duine sa tír ag labhairt Gaeilge mar gheall ar go bhfuil Des Bishop ag déanamh amhlaidh – ní dóigh liom go bhféadfadh duine ar bith an mhíorúilt theangeolaíoch sin a bhaint amach – ach is cosúil go

gcruthóidh “In the Name of the Fada” dea-thoil sa bhreis i leith na teanga i measc mhuintir na hÉireann. Cá bhfios céard a thioctaidh chun cinn: d’fhéadfadh sé tarlú go gcuirfidh daoine áirithe rompu an teanga a fhoghlaim de thoradh iad a bheith spreagtha ag an tsraith.

Maidir le Des, tá sé ar intinn aige féin leanúint ar aghaidh leis an nGaeilge i ndiaidh dó an tsraith a chur i gcrích. Agus deir sé go mbeidh mic an Easpaig i gceist sa todhchaí – agus gur Gaeilgeoir a bheidh i ngach duine acu.

Gluais

Fuirseoir – comedian

Léargas – insight

Ráchairt – demand

Ní háibhéil é – it is no exaggeration

Uaillmhianach – ambitious

Ar na bacáin – being prepared

Smideadh – make-up

An Ghaeilge

Plé

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An bhfuil a fhios agat cé hé Des Bishop? An síleann tú go bhfuil sé greannmhar? An bhfaca tú an clár ‘In the Name of the Fada’?
2. Cad a cheapann tú faoi theanga a fhoghlaim taobh istigh de bhliain?
3. Ar mhaith leat féin bliain a chaitheamh sa Ghaeltacht chun Gaeilge a fhoghlaim?
4. Féach ar an alt arís agus roghnaigh abairt nó frása amháin a chuaigh i bhfeidhm ort, ar chúiseanna pearsanta. Anois, ag labhairt leis an duine in aice leat abair leis nó léi cén fáth a ndeachaigh an abairt nó frása sin i bhfeidhm ort. Scríobh leathanach amháin ar an ábhar céanna mar obair bhaile.

An Ghaeilge

An teanga

Breac síos gach sampla den bhriathar ‘bí’ atá sa cheathrú halt sa sliocht – “Anois, is féidir le. . .” An bhfuil an briathar saor den bhriathar ‘bí’ i ngach aimsir ar eolas agat? Pléigh leis an duine in aice leat. Cad is féidir libh a rá faoi: *Táim Vs Bím?*

Bileog 8.2b**An modh coinníollach****Féachaint**

Féach ar an mhír anois ina bhfuil Des Bishop ag déanamh cur síos ar ghné de ghramadach na Gaeilge atá le feiceáil ar *YouTube* - <http://www.youtube.com/watch?v=pGueVHLQRJM>. Freagair féin agus an duine in aice leat na ceistanna seo:

1. Tar éis daoibh an mhír a fheiceáil, an féidir libh sainmhíniú a thabhairt ar an mhodh coinníollach?
2. Bainigí úsáid as na briathra seo thíos leis na rialacha a chur in iúl. Má tá sibh in amhras téigí go dtí an ríomhaire agus féachaigí ar an suíomh gréasáin *An Foclóir Beag* ag <http://www.csis.ul.ie/focloir/>

mol cuir léigh sábháil ceannaigh imir ceangail foghlaim

An modh coinníollach**Cluiche**

Glac cúpla nóiméad anois chun ceistanna a chumadh sa mhodh coinníollach le cur ar an duine in aice leat. Bíodh na ceistanna ciallmhar agus bíodh baint acu le saol an duine eile. Bain úsáid as na briathra sna boscaí chun na ceistanna a chumadh. Cuir na ceistanna ar do pháirtí agus má fhreagraíonn sé nó sí na ceistanna go cruinn ceart ó thaobh na Gaeilge de, breac pointe amháin sa bhosca. Lean ar aghaidh mar seo go dtí go bhfuil na ceistanna ar fad curtha agaibh. Tabhair marc as 25 do do pháirtí.

Téigh	Ith	Dún	Faigh	Taispeáin
Ullmhaigh	Tabhair	Tar	Sábháil	Ól
Imigh	Glan	Abair	Bailigh	Clois
Cosain	Feic	Freastail	Buail	Tóg
Bí	Déan	Nigh	Dóigh	Roghnaigh

Cuirigí *Dá* roimh gach briathar thuas sa chéad phearsa, modh coinníollach.

Dá rachainn

Dá n-íosfainn

Bileog 8.3**Ag foghlaim na Gaeilge****Plé**

Cuir na gnéithe de ghramadach na Gaeilge thíos in ord deacrachta trí 1 a chur in aice leis an ghné sin is deacra sa Ghaeilge, dar leat agus 10 a chur in aice leis an ghné is éasca, i do thuairim. Nuair atá tú críochnaithe féach cad a bhí ag an duine in aice leat, an raibh na gnéithe curtha san ord céanna aige nó aici? Cén fáth? Ansin, pléigí na ceisteanna ar dheis.

	Inscne an fhocail
	Na briathra
	Na haidiachtaí
	An tuiseal ginideach
	Na réamhfhocail shimplí
	Na huimhreacha (bonn / maol / pearsanta)
	An Coibhneasta Díreach / Indíreach
	Forainmneacha réamhfhoclacha
	An chopail
	An aidiacht shealbhach

1. Cad iad na teangacha atá agat?
2. An bhfuil sé níos fusa do dhuine dátheangach teanga eile a fhoghlaim?
3. An bhfuil an Ghaeilge deacair le foghlaim?
4. Cé acu is fusa duitse agus tú ag foghlaim na Gaeilge – scríobh / léamh/ caint?

Ag foghlaim na Gaeilge**Comhairle**

Cén chomhairle a thabharfá do dhuine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim? Mar shampla:

‘Mholfaínn duit freastal ar ranganna do dhaoine fásta.’

Seo cúpla sampla thíos de na hacmhainní atá ar fáil dóibh siúd atá ag foghlaim Gaeilge. An féidir libh cur leis an liosta? Cad atá ar eolas agaibh faoi na hacmhainní éagsúla?

Ríomhairí:
An Foclóir Beag

Eagraíochtaí:
Foras na Gaeilge

Áiseanna eile:
Foclóir Uí Dhónaill

Ag foghlaim na Gaeilge

An rang foirfe

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Tá seans agaibh anois an ‘rang foirfe Gaeilge’ a chruthú, conas mar a bheadh sé?